



An Bhruiséil, 8 Aibreán 2025  
(OR. en)

7801/25  
ADD 1

---

---

**Comhad Idirinstitiúideach:  
2025/0081(NLE)**

---

---

**AVIATION 40  
RELEX 420  
COEST 280**

## **NÓTA CLÚDAIGH**

---

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	4 Aibreán 2025
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2025) 154 final
Ábhar:	IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Phoblacht na Casacstáine maidir le gnéithe áirithe d'aersheirbhísí

---

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 154 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 154 final



An Bhruiséil, 4.4.2025  
COM(2025) 154 final

ANNEX

## IARSCRÍBHINN

*a ghabhann leis an*

**togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle**

**maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Phoblacht na Casacstáine maidir le gnéithe áirithe d'aersheirbhísí**

COMHAONTÚ IDIR RIALTAS PHOBLACHT NA CASACSTÁINE AGUS AN tAONTAS  
EORPACH MAIDIR LE GNÉITHE ÁIRITHE D'AERSHEIRBHÍSÍ

Rialtas Phoblacht na Casacstáine, de pháirt, agus an tAontas Eorpach, den pháirt eile, dá ngairtear ‘na Páirtithe Conarthacha’ anseo feasta,

AG TABHAIRT DÁ nAIRE go bhfuil sé de cheart ag aeriompróirí atá bunaithe i mBallstát, faoi dhlí an Aontais Eorpaigh, rochtain neamh-idirdhealaitheach a fháil ar aerbhealaí idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh agus tríú tíortha,

AG AITHINT DÓIBH gur iarr an tAontas Eorpach go ndéanfaí forálacha áirithe de na comhaontuithe déthaobhacha maidir le haersheirbhísí idir Rialtas Phoblacht na Casacstáine agus Ballstáit an Aontais Eorpaigh a thabhairt i gcomhréir le dlí an Aontais d’fhonn bunús dlí fóna a bhunú le haghaidh aersheirbhísí idir Poblacht na Casacstáine agus an tAontas Eorpach agus chun leanúnachas aersheirbhísí den sórt sin a chaomhnú,

AG AITHINT DÓIBH nach mór gach ábhar a bhaineann le comhaontuithe déthaobhacha maidir le haersheirbhísí idir Rialtas Phoblacht na Casacstáine agus Ballstáit an Aontais Eorpaigh a bheith i gcomhréir le dlíthe is infheidhme na bPáirtithe Conarthacha.

AG TABHAIRT DÁ nAIRE nach cuspóir de chuid an Aontais Eorpaigh é, mar chuid den chomhaontú seo, an méid iomlán aerthrachta idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Casacstáine a mhéadú, difear a dhéanamh don chothromaíocht idir aeriompróirí Phoblacht na Casacstáine agus aeriompróirí an Aontais Eorpaigh , nó leasuithe ar fhorálacha na gcomhaontuithe déthaobhacha maidir le haersheirbhísí a bhaineann le cearta tráchta a chaibidliú,

AG TABHAIRT DÁ nAIRE go bhfuil na comhaontuithe déthaobhacha maidir le haersheirbhísí a liostaítear in Iarscríbhinn I bunaithe ar an bprionsabal ginearálta go mbeidh deiseanna córa agus comhionanna ag aeriompróir ainmnithe na bpáirtithe conarthacha agus iad ag oibriú seirbhísí comhaontaithe ar na bealaí sonraithe, agus nach bhfuil sé de chuspóir ag an gComhaontú seo difear a dhéanamh don phrionsabal sin,

TAR ÉIS COMHAONTÚ MAR A LEANAS:

## **Airteagal 1. Forálacha ginearálta**

1. Chun críocha an Chomhaontaithe seo,
  - a) ciallóidh ‘Ballstáit’ Ballstáit de chuid an Aontais Eorpaigh agus ciallóidh ‘Conarthaí an Aontais’ an Conradh ar an Aontas Eorpach agus an Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;
  - b) ciallóidh ‘Páirtí Conarthach’ Páirtí Conarthach sa Chomhaontú seo;
  - c) ciallóidh ‘páirtí’ páirtí conarthach sa chomhaontú déthaobhach ábhartha maidir le haersheirbhísí;
  - d) Ciallóidh ‘aeriompróir’ aerlíne freisin.
2. Maidir le tagairtí i ngach ceann de na comhaontuithe a liostaítear in Iarscríbhinn I do náisiúnaigh de chuid an Bhallstáit is páirtí sa chomhaontú sin, tuigfear gur tagairtí iad sin do náisiúnaigh de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh.
3. Maidir le tagairtí i ngach ceann de na comhaontuithe a liostaítear in Iarscríbhinn I d’aeriompróirí nó d’aerlínte de chuid an Bhallstáit is páirtí sa chomhaontú sin, tuigfear gur tagairtí iad sin d’aeriompróirí arna n-ainmniú ag an mBallstát sin.
4. Ní chruthófar leis an gComhaontú seo cearta tráchta breise sa bhreis orthu sin a leagtar síos sna comhaontuithe a liostaítear in Iarscríbhinn I agus ní leasófar leis líon na n-aeriompróirí is féidir a ainmniú faoi shocruithe déthaobhacha. Leanfar de chearta tráchta a dheonú trí shocruithe déthaobhacha.

## **Airteagal 2. Ainmniú**

1. Tiocfaidh na forálacha i míreanna 2, 3, 4 agus 5 den Airteagal seo in ionad na bhforálacha comhfhreagracha sna hairteagail a liostaítear in Iarscríbhinn II (a) agus (b) faoi seach, maidir le hainmniú aeriompróra arna dhéanamh ag an mBallstát lena mbaineann nó ag Rialtas Phoblacht na Casacstáine, maidir le húdaruithe agus le ceadanna a bhaineann leis arna ndeonú ag Rialtas Phoblacht na Casacstáine nó ag an mBallstát lena mbaineann, agus maidir le húdaruithe nó ceadanna an aeriompróra sin a dhiúltú, a chúlghairm, a chur ar fionraí nó a theorannú, faoi seach.
2. Ar ainmniú ó Bhallstát agus ar iarratais ón aeriompróir ainmnithe a fháil, san fhoirm agus sa mhodh a fhorordaítear, deonóidh Rialtas Phoblacht na Casacstáine, agus an mhoill

is lú is féidir a bheith sa nós imeachta, na húdaruithe agus na ceadanna iomchuí, ar na coinníollacha seo a leanas:

(i) go bhfuil an t-aeriompróir bunaithe faoin gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ar chríoch an Bhallstáit ainmniúcháin agus tá ceadúnas oibríochta bailí aige i gcomhréir le dlí an Aontais Eorpaigh; agus

(ii) maidir leis an mBallstát atá freagrach as eisiúint an Teastais Aeroibreora, go bhfeidhmíonn sé agus go gcoinníonn sé ar bun rialú rialála éifeachtach ar an aeriompróir agus go sainaithnítear go soiléir an t-údarás aerloingseoireachta ábhartha san ainmniú; agus

(iii) go bhfuil an t-aeriompróir faoi úinéireacht, go díreach nó faoi úinéireacht tromlaigh, agus faoi rialú éifeachtach ag Ballstáit agus/nó náisiúnaigh na mBallstát, agus/nó ag stáit eile a liostaítear in Iarscríbhinn III agus/nó ag náisiúnaigh de chuid na stát eile sin.

3. Ar ainmniú ó Rialtas Phoblacht na Casacstáine a fháil agus ar iarratais ón aeriompróir ainmnithe a fháil, san fhoirm agus sa mhodh a fhorordaítear, deonóidh an Ballstát de chuid an Aontais, agus an mhoill is lú is féidir a bheith sa nós imeachta, na húdaruithe agus na ceadanna iomchuí, ar na coinníollacha seo a leanas:

(i) go bhfuil an t-aeriompróir bunaithe ar chríoch Phoblacht na Casacstáine agus tá Ceadúnas Oibríochta bailí aige arna eisiúint ag Poblacht na Casacstáine; agus

(ii) maidir leis an aeriompróir, gurb é Rialtas Phoblacht na Casacstáine a fheidhmíonn agus a choinníonn ar bun rialú rialála éifeachtach air; agus

(iii) go bhfuil an t-aeriompróir faoi úinéireacht, go díreach nó faoi úinéireacht tromlaigh, agus faoi rialú éifeachtach ag Poblacht na Casacstáine agus/nó ag náisiúnaigh de chuid Phoblacht na Casacstáine.

4. Féadfaidh Poblacht na Casacstáine údaruithe nó ceadanna aeriompróra arna ainmniú ag Ballstát a dhiúltú, a chúlghairm, a chur ar fionraí nó a theorannú sna cásanna seo a leanas:

(i) i gcás nach bhfuil an t-aeriompróir bunaithe faoin gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ar chríoch an Bhallstáit ainmniúcháin nó nach bhfuil ceadúnas oibríochta bailí aige i gcomhréir le dlí an Aontais Eorpaigh; nó

(ii) maidir leis an mBallstát atá freagrach as eisiúint an teastais aeroibreora, nach bhfeidhmíonn sé nó nach gcoinníonn sé ar bun rialú rialála éifeachtach ar an aeriompróir, nó nach sainaithnítear go soiléir an t-údarás aerloingseoireachta ábhartha san ainmniú; nó

(iii) nach bhfuil an t-aeriompróir faoi úinéireacht, go díreach ná faoi úinéireacht tromlaigh, ná faoi rialú éifeachtach ag Ballstáit agus/nó ag náisiúnaigh na mBallstát, agus/nó ag stáit eile a liostaítear in Iarscríbhinn III agus/nó ag náisiúnaigh de chuid na stát eile sin; nó

(iv) i gcás ina bhfuil an t-aeriompróir údaraithe cheana féin chun oibriú faoi chomhaontú déthaobhach idir Rialtas Phoblacht na Casacstáine agus Ballstát eile den Aontas Eorpach, agus gur féidir a léiriú, trí chearta tráchta a fheidhmiú ar bhealach lena n-áirítear pointe sa Bhallstát eile sin den Aontas Eorpach, lena n-áirítear oibriú seirbhísí a mhargaítear mar thréshéirbhísí, nó arb ionann iad agus thréshéirbhísí, go mbeadh an t-aeriompróir ag dul timpeall ar shrianta ar na cearta tráchta arna bhforchur leis an gcomhaontú déthaobhach idir Rialtas Phoblacht na Casacstáine agus an Ballstát eile sin, nó

(v) i gcás ina bhfuil Teastas Aeroibreora arna eisiúint ag Ballstát ag an aeriompróir agus nach bhfuil aon chomhaontú déthaobhach maidir le haersheirbhísí ná aon socrú eile idir Rialtas Phoblacht na Casacstáine agus an Ballstát sin, agus gur dhiúltaigh an Ballstát sin cearta tráchta do na haeriompróirí arna n-ainmniú ag Rialtas Phoblacht na Casacstáine.

Agus a ceart faoin mír seo á fheidhmiú aici, ní dhéanfaidh Rialtas Phoblacht na Casacstáine idirdhealú idir aeriompróirí an Aontais Eorpaigh ar fhorais náisiúntachta.

5. Féadfaidh an Ballstát de chuid an Aontais údaruithe nó ceadanna aeriompróra arna ainmniú ag Rialtas Phoblacht na Casacstáine a dhiúltú, a chúlghairm, a chur ar fionraí nó a theorannú sna cásanna seo a leanas:

(i) i gcás nach i gcríoch Phoblacht na Casacstáine atá an t-aeriompróir bunaithe nó nach bhfuil ceadúnas oibríochta bailí aige arna eisiúint ag Poblacht na Casacstáine; nó

(ii) i gcás nach bhfuil rialú rialála éifeachtach ar an aeriompróir á fheidhmiú ná á choinneáil ar bun ag Rialtas Phoblacht na Casacstáine; nó

(iii) nach bhfuil an t-aeriompróir faoi úinéireacht, go díreach nó faoi úinéireacht tromlaigh, ná faoi rialú éifeachtach ag Poblacht na Casacstáine agus/nó ag náisiúnaigh Phoblacht na Casacstáine.

### **Airteagal 3. Sábháilteacht**

1. Comhlánóidh na forálacha i mír 2 den Airteagal seo na forálacha comhfhreagracha sna hAirteagail a liostaítear in Iarscríbhinn II(c).

2. I gcás ina mbeidh aeriompróir ainmnithe ag Ballstát a ndéanann Ballstát eile a rialú rialála a fheidmiú agus a chothabháil, maidir le cearta Rialtas Phoblacht na Casacstáine faoi fhorálacha sábháilteachta an chomhaontaithe idir an Ballstát a d'ainmnigh an t-aeriompróir agus Rialtas Phoblacht na Casacstáine, beidh feidhm chomhionann ag na cearta sin i ndáil le caighdeáin sábháilteachta a ghlacadh, a fheidmiú nó a chothabháil ag an mBallstát eile sin agus i ndáil le húdarú oibríochta an aeriompróra sin.

#### **Airteagal 4. Iarscríbhinní a ghabhann leis an gComhaontú**

Is cuid dhílis den Chomhaontú seo iad na hIarscríbhinní a ghabhfaidh leis.

#### **Airteagal 5. Comhairliúcháin, athbhreithniú nó leasú**

1. Féadfaidh na Páirtithe Conarthacha, tráth ar bith, an Comhaontú seo a athbhreithniú nó a leasú de chomhthoil.

2. Déanfaidh na Páirtithe Conarthacha faireachán agus athbhreithniú rialta ar chur chun feidhme an Chonartha seo. Leis na hathbhreithnithe sin, déanfar measúnú go háirithe ar aon éifeachtaí diúltacha gan choinne a bhaineann leis an gComhaontú, de réir mar a mheasann ceachtar den dá Pháirtí Conarthacha iad a bheith ann.

3. Má iarrann ceachtar Páirtí Conarthach amhlaidh, reáchtálfaidh na Páirtithe Conarthacha comhairliúcháin chun freagairtí iomchuí ar éifeachtaí diúltacha gan choinne den sórt sin a phlé, agus ina dhiaidh sin féadfar an Comhaontú a athbhreithniú nó a leasú. Reáchtálfar na comhairliúcháin sin laistigh de 60 (seasca) lá arna iarraidh sin do cheachtar Páirtí Conarthach.

#### **Airteagal 6. Teacht i bhfeidhm**

1. Seolfaidh gach Páirtí Conarthach an fógra trí bhealaí taidhleoireachta chuig an bPáirtí Conarthach eile, ar fógra é lena ndeimhneofar go bhfuil a nósanna imeachta inmheánacha is gá chun go dtiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm curtha i gcrích.

2. Tiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm ar an gcéad lá den dara mí tar éis an dáta a gheobhaidh an Páirtí Conarthach eile an fógra deiridh sin atá luaite.

3. Fógraí a thugtar i gcomhréir leis an Airteagal seo, seolfar iad chuig Oifig Conarthaí agus Comhaontuithe Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus chuig Aireacht Iompair Phoblacht na Casacstáine nó a gcomharbaí faoi seach trí bhealaí taidhleoireachta.

4. Liostaítear in Iarscríbhinn I (b) na comhaontuithe agus na comhshocruithe eile idir Ballstáit agus Rialtas Phoblacht na Casacstáine nach bhfuil tagtha i bhfeidhm fós ar dháta sínithe an Chomhaontaithe seo agus nach bhfuil á gcur i bhfeidhm go sealadach. Beidh feidhm ag an gComhaontú seo maidir le gach Comhaontú agus gach comhshocrú den sórt sin ar theacht i bhfeidhm dóibh nó ar chur i bhfeidhm go sealadach dóibh.

### **Airteagal 7. Foirceannadh**

1. Féadfaidh gach Páirtí Conarthach fógra i scríbhinn a thabhairt tráth ar bith trí bhealaí taidhleoireachta faoina chinneadh an Comhaontú seo a fhoirceannadh. I gcás den sórt sin, tiocfaidh deireadh leis an gComhaontú sé (6) mhí tar éis an dáta a gheobhaidh an Páirtí Conarthach eile an fógra, ach amháin má tharraingítear siar an fógra maidir leis an bhfoirceannadh sula rachaidh an tréimhse sin in éag.

2. I gcás ina bhfoirceanntar comhaontú a liostaítear in Iarscríbhinn I, scoirfidh forálacha an Chomhaontaithe seo d'fheidhm a bheith acu maidir leis an gcomhaontú sin ó dháta an fhoirceanta. Na tagairtí sa Chomhaontú seo don chomhaontú foirceanta, measfar iad a bheith ar neamhní ón dáta sin ar aghaidh.

3. I gcás ina bhfoirceanntar na comhaontuithe uile a liostaítear in Iarscríbhinn I, foirceannfar an Comhaontú seo ar dháta foirceanta an chomhaontaithe deiridh sin.

Á fhianú sin, chuir na daoine thíos-sínithe, ar iad a bheith údaraithe go cuí, a lámh leis an gComhaontú seo.

Arna dhéanamh in [...] i ndúblach, an [...] [..., ...] sna teangacha seo a leanas: Casaicis, Béarla, Bulgáiris, Cróitis, Danmhairgis, Eastóinis, Fionlainnis, Francis, Gaeilge, Gearmáinis, Gréigis, Iodáilis, Laitvis, Liotuáinis, Mháltais, Ollainnis, Polainnis, Portaingéilis, Rómáinis, Rúisis, Seicis, Slóivéinis, Slóvaicis, Spáinnis, Sualainnis agus Ungáiris.

**Thar ceann Rialtas Poblacht na  
Casacstáine:**

**Thar ceann an Aontais Eorpaigh:**

Liosta de na comhaontuithe agus socrúithe eile dá dtagraítear in Airteagal 1 den Chomhaontú seo

a) Comhaontuithe aersheirbhíse agus socrúithe eile idir Rialtas Phoblacht na Casacstáine agus Ballstáit an Aontais Eorpaigh atá, ar dháta sínithe an Chomhaontaithe seo, tagtha i bhfeidhm nó á gcur i bhfeidhm go sealadach, arna leasú

– Comhaontú idir Rialtas Phoblacht na Casacstáine agus Rialtas Phoblacht na hOstaire maidir le haeriompar a síníodh in Almaty an 26 Aibreán 1993, dá ngairtear ‘Comhaontú na Casacstáine - na hOstaire’ in Iarscríbhinn II;

– Meabhrán Tuisceana idir toscaireachtaí atá ag gníomhú thar ceann údaráis aerloingseoireachta Phoblacht na Casacstáine agus Phoblacht na Seice, ag teacht le chéile dóibh in Nassau, sna Bahámaí, an 6 Nollaig 2016, dá ngairtear ‘Meabhrán Tuisceana na Casacstáine - Phoblacht na Seice’ in Iarscríbhinn II;

– Comhaontú idir Rialtas Phoblacht na Casacstáine agus Rialtas Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine maidir le haeriompar a síníodh in Bonn an 15 Márta 1996, dá ngairtear ‘Comhaontú na Casacstáine - na Gearmáine’ in Iarscríbhinn II;

– Comhaontú maidir le hAersheirbhísí idir Rialtas Phoblacht na Casacstáine agus Rialtas Phoblacht na hUngáire a síníodh in Almaty an 9 Márta 1995, dá ngairtear ‘Comhaontú na Casacstáine - na hUngáire’ in Iarscríbhinn II;

– Comhaontú maidir le hAersheirbhísí idir Rialtas Phoblacht na Casacstáine agus Rialtas Phoblacht na Liotuáine a síníodh in Vilnius an 21 Iúil 1993, dá ngairtear ‘Comhaontú na Casacstáine - na Liotuáine’ in Iarscríbhinn II;

– Comhaontú maidir le hAersheirbhísí idir Rialtas Phoblacht na Casacstáine agus Rialtas Phoblacht na Polainne a síníodh in Vársá an 27 Samhain 1997, dá ngairtear ‘Comhaontú na Casacstáine - na Polainne’ in Iarscríbhinn II;

– Comhaontú maidir le hAersheirbhísí idir Rialtas Phoblacht na Casacstáine agus Rialtas Ríocht na Danmhairge ar cuireadh inisealacha leis in Almaty an 26 Aibreán 1996, dá ngairtear ‘Comhaontú na Casacstáine - na Danmhairge’ in Iarscríbhinn II;

– Comhaontú maidir le hAersheirbhísí idir Rialtas Phoblacht na Casacstáine agus Rialtas Ríocht na Sualainne ar cuireadh inisealacha leis in Almaty an 26 Aibreán 1996, dá ngairtear ‘Comhaontú na Casacstáine - na Sualainne’ in Iarscríbhinn II;

– Comhaontú maidir le hAersheirbhísí idir Rialtas Phoblacht na Fionlainne agus Rialtas Phoblacht na Casacstáine a síníodh in Almaty an 7 Feabhra 1996, dá ngairtear ‘Comhaontú na Casacstáine - na Fionlainne (1996)’ in Iarscríbhinn II;

b) Comhaontuithe maidir le haersheirbhísí idir Rialtas Phoblacht na Casacstáine agus Ballstáit an Aontais Eorpaigh nach bhfuil, ar dháta sínithe an Chomhaontaithe seo, tagtha i bhfeidhm fós agus nach bhfuil á gcur i bhfeidhm go sealadach, arna leasú

– Comhaontú idir Rialtas Phoblacht na Casacstáine agus Rialtas Ríocht na Beilge maidir le haersheirbhísí a rinneadh sa Bhruiséil an 27 Meitheamh 2000, dá ngairtear ‘Comhaontú na Casacstáine - na Beilge’ in Iarscríbhinn II;

– Comhaontú idir Rialtas Phoblacht na Casacstáine agus Rialtas Phoblacht na Bhulgáire maidir le haersheirbhísí a síníodh in Sóifia an 15 Meán Fómhair 1999, dá ngairtear ‘Comhaontú na Casacstáine - na Bulgáire’ in Iarscríbhinn II;

– Comhaontú maidir le hAersheirbhísí idir Rialtas Phoblacht na Casacstáine agus Rialtas Phoblacht na Fionlainne a síníodh in Astana an 16 Bealtaine 2018, dá ngairtear ‘de Chomhaontú na Casacstáine - na Fionlainne (2018)’ in Iarscríbhinn II;

– Comhaontú idir Rialtas Phoblacht na Casacstáine agus Rialtas Phoblacht na hEastóine maidir le haersheirbhísí ar cuireadh inisealacha leis in Astana an 26 Aibreán 2001, dá ngairtear ‘Comhaontú na Casacstáine - na hEastóine’ in Iarscríbhinn II;

– Comhaontú maidir le hAersheirbhísí idir Rialtas Phoblacht na Casacstáine agus Rialtas Phoblacht na Fraince a síníodh in Astana an 21 Meitheamh 2016, dá ngairtear ‘Comhaontú na Casacstáine - na Fraince’ in Iarscríbhinn II;

– Comhaontú maidir le hAersheirbhísí idir Rialtas Phoblacht na Casacstáine agus Rialtas Ríocht na hÍsiltíre a síníodh sa Háig an 27 Samhain 2002, dá ngairtear ‘Comhaontú na Casacstáine - na hÍsiltíre’ in Iarscríbhinn II;

– Comhaontú maidir le hAersheirbhísí idir Rialtas Phoblacht na Casacstáine agus Rialtas Phoblacht na Laitvia a síníodh in Almaty an 19 Bealtaine 1998, dá ngairtear ‘Comhaontú idir na Casacstáine - na Laitvia’ in Iarscríbhinn II;

– Comhaontú maidir le hAersheirbhísí idir Rialtas Phoblacht na Casacstáine agus Rialtas Ard-Diúcacht Lucsamburg a síníodh in Astana an 21 Bealtaine 2015, dá ngairtear ‘Comhaontú na Casacstáine - Lucsamburg’ in Iarscríbhinn II;

Liosta na n-airteagal sna comhaontuithe **agus comhshocruithe eile** a liostaítear in Iarscríbhinn I agus dá dtagraítear in Airteagail 2 go 3 den Chomhaontú seo

(a) Ainmniú, Údaruithe agus Ceadanna:

- Airteagal 3 de Chomhaontú na Casacstáine - na hOstaire;
- Airteagal 3 de Chomhaontú na Casacstáine - na Beilge;
- Airteagal 4 de Chomhaontú na Casacstáine - na Bulgáire,
- Pointe 2 de Mheabhrán Tuisceana na Casacstáine - Phoblacht na Seice,
- Airteagal 3 de Chomhaontú na Casacstáine - na Danmhairge,
- Airteagal 3 de Chomhaontú na Casacstáine - na hEastóine,
- Airteagal 4 de Chomhaontú na Casacstáine - na Fraince,
- Airteagal 3 de Chomhaontú na Casacstáine - na Fionlainne (1996);
- Airteagal 3 de Chomhaontú na Casacstáine - na Fionlainne (2018);
- Airteagal 3 (2) de Chomhaontú na Casacstáine - na Gearmáine d’ainneoin na tagartha d’fhorálacha Airteagal 3 (3),
- Airteagal 3 de Chomhaontú na Casacstáine - na hUngáire,
- Airteagal 3 de Chomhaontú na Casacstáine - na hÍsiltíre,
- Airteagal 3 de Chomhaontú idir na Casacstáine - na Laitvia,
- Airteagal 4(1) agus (2) de Chomhaontú na Casacstáine - na Liotuáine,
- Airteagal 3 de Chomhaontú na Casacstáine - Lucsamburg,
- Airteagal 3 de Chomhaontú na Casacstáine - na Polainne,
- Airteagal 3 de Chomhaontú na Casacstáine - na Sualainne,

(b) Údaruithe nó Ceadanna a Dhiúltú, a Chúlghairm, a Chur ar fionraí nó a Theorannú:

- Airteagal 3 (3), 3 (5) agus Airteagal 4 (1) de Chomhaontú na Casacstáine - na hOstaire,
- Airteagal 5 (1) de Chomhaontú na Casacstáine - na Beilge,
- Airteagal 5 (1) de Chomhaontú na Casacstáine - na Bulgáire,
- Airteagal 4 de Chomhaontú na Casacstáine - na Danmhairge,
- Airteagal 3 (1) de Chomhaontú na Casacstáine - na hEastóine,
- Airteagal 5 (1) de Chomhaontú na Casacstáine - na Fraince,

- Airteagal 4 (1) de Chomhaontú na Casacstáine - na Fionlainne (1996),
- Airteagal 4 (1) de Chomhaontú na Casacstáine - na Fionlainne (2018),
- An chéad abairt d’Airteagal 4 de Chomhaontú na Casacstáine - na Gearmáine a mhéid a bhaineann leis na coinníollacha maidir le húdaruithe nó ceadanna a chuimsítear le hAirteagal 2 (4) agus 2 (5) den chomhaontú seo a dhiúltú, a chúlghairm, a chur ar fionraí nó a theorannú, agus a mhéid sin amháin,

- Airteagal 4 (1) de Chomhaontú na Casacstáine - na hUngáire,
- Airteagal 4 (1) de Chomhaontú na Casacstáine - na hÍsiltíre,
- Airteagal 3(4) agus 4 (1) de Chomhaontú idir na Casacstáine - na Laitvia,
- Airteagal 4 (3), (5) agus 5 (1) de Chomhaontú na Casacstáine - na Liotuáine,
- Airteagal 4 (1) de Chomhaontú na Casacstáine - Lucsamburg,
- Airteagal 4 (1) de Chomhaontú na Casacstáine - na Polainne,
- Airteagal 4 de Chomhaontú na Casacstáine - na Sualainne,

(c) Sábháilteacht:

- Airteagal 7 de Chomhaontú na Casacstáine - na Beilge,
- Airteagal 12 de Chomhaontú na Casacstáine - na hEastóine,
- Airteagal 6 de Chomhaontú na Casacstáine - na Fionlainne (1996),
- Airteagal 12 de Chomhaontú na Casacstáine - na Fionlainne (2018),
- Airteagal 9 de Chomhaontú na Casacstáine - na Fraince,
- Airteagal 7 de Chomhaontú na Casacstáine - na hUngáire,
- Airteagal 11 de Chomhaontú na Casacstáine - na hÍsiltíre,
- Airteagal 8 de Chomhaontú idir na Casacstáine - na Laitvia,
- Airteagal 8 de Chomhaontú na Casacstáine - na Liotuáine,
- Airteagal 6 de Chomhaontú na Casacstáine - Lucsamburg;

### **Iarscríbhinn III**

Liosta de na Stáit eile dá dtagraítear in Airteagal 2 den Chomhaontú seo

- a) Poblacht na hÍoslainne (faoin gComhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch);
  - b) Prionsacht Lichtinstéin (faoin gComhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch);
  - c) Ríocht na hIorua (faoin gComhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch);
  - d) Cónaidhm na hEilvéise (faoin gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le hAeriompar).
-